Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2023
(OR. en)

11421/23

ENER 426
COLAC 80

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Meabhrán Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oirthearach Uragua maidir le comhar a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus hidrigin in-athnuaite<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú |

1. An 7 Márta 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Fhuinneamh go raibh sé ar intinn aige Meabhrán Tuisceana a chaibidil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oirthearach Uragua maidir le comhar a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus hidrigin in-athnuaite, d'fhonn é a shíniú, thar ceann an Aontais, roimh an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh i mí Iúil 2023[1].

2. Phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh an cur chuige a mhol an Coimisiún, agus é le tuiscint go gcuirfidh an Coimisiún an Mheitheal ar an eolas maidir le dul chun cinn na caibidlíochta le Poblacht Oirthearach Uragua, agus go bhfillfidh sé ar an gComhairle ag deireadh an phróisis caibidlíochta chun údarú na Comhairle a lorg maidir le síniú an Mheabhráin Tuisceana thar ceann an Aontais.

3. An 12 Meitheamh 2023, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún an Meabhrán Comhair sin a chaibidil thar ceann an Aontais (9434/23).

[1] WK 2739/23.

4. An 6 Iúil 2023, phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh téacs an Mheabhráin mar a leagtar amach in 11189/23 é. Ní dhearnadh aon mholtaí breise maidir le dréachtú an téacs. Ina dhiaidh sin, cuireadh an téacs faoi bhráid na Meithle um Fhuinneamh le haghaidh comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn. Le linn an chomhairliúcháin, níor luaigh na toscaireachtaí aon bharúlacha breise.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Mheabhráin Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oirthearach Uragua, mar a leagtar amach in 11189/23 é;
- iarraidh ar an gComhairle síniú an Mheabhráin Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oirthearach Uragua mar a leagtar amach in 11189/23 é a údarú, faoi réir coigeartuithe beaga a d’fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar chaibidlíocht leis na comhpháirtithe ábhartha, ach gan aon athrú ó thaobh substainte de.